



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2021  
(OR. en)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2021/0313(NLE)

---

---

12400/21  
ADD 1

PECHE 336

## TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Deireadh Fómhair 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 614 final - IARSCRÍBHINN
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 614 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2021) 614 final - IARSCRÍBHINN



An Bhruiséil, 6.10.2021  
COM(2021) 614 final

ANNEX

## **IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach, an  
Phrótacail (2021-2024) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe  
Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin  
Cook**

## **IARSCRÍBHINN**

### **PRÓTACAL**

#### **maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook**

##### *Airteagal 1*

##### ***Tréimhse chur chun feidhme agus deiseanna iascaireachta***

1. Ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh, is mar seo a leanas a bheidh na deiseanna iascaireachta a dheonaítear faoi Airteagal 4 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (dá ngairfear ‘an Comhaontú’ anseo feasta):
  - Beidh deiseanna ag ceithre (4) shoitheach peas-saighne tuinnín iascach a dhéanamh ar na speicis mhórimirceacha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, 1982.
2. Beidh feidhm ag mír 1 faoi réir Airteagal 5 den Phrótacal seo.
3. De bhun Airteagal 4 den Chomhaontú, ní fhéadfaidh soithí an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéir iascaireachta Oileáin Cook ach amháin má tá údarú iascaireachta acu arna eisiúint faoin bPrótacal seo i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

##### *Airteagal 2*

##### ***Ranníocaíocht airgeadais — Modhanna íocaíochta***

1. Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, is é a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais iomlán dá dtagraítear in Airteagal 5 den Chomhaontú EUR dhá mhilliún agus aon chéad míle (2 100 000) ar feadh thréimhse iomlán an Phrótacail.
2. Beidh dhá ghné dhícheangailte sa ranníocaíocht airgeadais iomlán sin:
  - (a) méid bliantúil le haghaidh rochtain ar limistéir iascaireachta Oileáin Cook arb é atá ann EUR trí chéad caoga míle (350 000) in aghaidh na bliana, agus
  - (b) méid bliantúil sonrach arb é atá ann EUR trí chéad caoga míle (350 000) chun tacú le beartas iascaigh earnála agus beartas muirí Oileáin Cook agus chun iad a chur chun feidhme.
3. Le haghaidh an mhéid dá dtagraítear i mír 2(a), cuirfidh Oileáin Cook 100 lá iascaireachta ar a laghad ar fáil do shoithí an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook. D’fhéadfaí laethanta breise a chur ar fáil do shoithí an Aontais de réir na bhforálacha a shonraítear san Iarscríbhinn.
4. Beidh feidhm ag mír 1 faoi réir Airteagail 3 agus 5 den Phrótacal seo.
5. Déanfaidh an tAontas na méideanna a shocraítear i mír 2(a) a íoc tráth nach déanaí ná nócha (90) lá tar éis dháta tosaigh an chur i bhfeidhm shealadaigh le haghaidh na chéad bliana, agus le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin, tráth nach déanaí ná cothrom dáta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.
6. Déanfaidh Oileáin Cook agus údarás an Aontais faireachán ar fhorbairt gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais lena áirithiú go ndéanfar bainistíocht iomchuí ar na deiseanna iascaireachta a chuirtear ar fáil don Aontas,

agus stádas na stoc agus na bearta ábhartha caomhnaithe agus bainistíochta á gcur san áireamh.

7. Beidh lánrogha ag Oileáin Cook maidir leis an gcaoi a n-úsáidfean an ranníocaíocht airgeadais a shonraítear in Airteagal 2 mír 2(a).
8. Íocfar gach eilimint den ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2 isteach i gcuntas bainc Rialtais ainmnithe in Oileáin Cook. Cuirfear an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2(b) ar fáil don eintiteas ábhartha a chuireann tacaíocht earnála iascaigh chun feidhme. Cuirfidh údarais Oileáin Cook na sonraí cuntais bainc agus an fhaisnéis maidir leis an líne ábhartha sa dlí buiséadach náisiúnta ar fáil d'údarais an Aontais in am trátha. Cuimseofar an méid seo a leanas i sonraí an chuntais bainc: ainm an eintitis is tairbhí, ainm shealbhóir an chuntais bhainc, seoladh shealbhóir an chuntais bainc; ainm an bhainc: Cód SWIFT; uimhir IBAN

### *Airteagal 3* **Tacaíocht earnála**

1. Tráth nach déanaí ná 120 lá tar éis thús chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail, comhaontóidh an Comhchoiste clár earnála ilbhliantúil agus rialacha mionsonraithe cur chun feidhme lena gcumhdófar an méid seo a leanas go sonrach:
  - (a) treoirlínte bliantúla agus ilbhliantúla chun méid sonrach na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2 mír 2(b) a úsáid;
  - (b) na cuspóirí bliantúla agus cuspóirí ilbhliantúla araon atá le baint amach le himeacht ama d'fhonn an creat rialachais a bhunú, lena n-áirítear forbairt agus cothabháil na n-institiúidí eolaíocha agus taighde, chun próisis chomhairliúcháin le grúpaí leasmhara a chur chun cinn, chun an acmhainneacht faireacháin, rialaithe, faireachais agus nithe fothaithe acmhainneachta eile a fheabhsú chun cuidiú le hOileáin Cook a mbeartas náisiúnta iascaigh inbhuanaithe a fheabhsú a thuilleadh. Maidir leis na tosaíochtaí a léiríonn Oileáin Cook ina mbeartais náisiúnta a bhaineann le cur chun cinn na hiascaireachta freagraí agus na n-iascach inbhuanaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, nó na beartais a imríonn tionchar ar an gcur chun cinn sin, cuirfear na tosaíochtaí sin san áireamh sna cuspóirí;
  - (c) critéir agus nósanna imeachta, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, táscairí buiséadacha agus airgeadais chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear gach bliain.
2. Déanfaidh an Comhchoiste aon leasú atá molta ar an gclár earnálach ilbhliantúil a fhorghas.
3. Má iarrann ceachtar Páirtí cruinniú speisialta den Chomhchoiste, seolfaidh sé iarraidh i scríbhinn 14 lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe atá beartaithe.
4. Gach bliain faoi chuimsiú an Chomhchoiste, déanfaidh an dá Pháirtí meastóireacht ar bhaint amach torthaí sonracha i gcur chun feidhme an chláir earnála ilbhliantúil chomhaontaithe.
  - (a) Gach bliain, cuirfidh Oileáin Cook i láthair tuarascáil dul chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí a chuirfear i bhfeidhm agus leis na torthaí a bhainfear amach le tacaíocht earnála, tuarascáil a ndéanfaidh an Comhchoiste scrúdú uirthi. Déanfaidh Oileáin Cook tuarascáil chríochnaitheach a chur ar fáil roimh

dhul in éag don Phrótacal. Más gá, leanfaidh na Páirtithe den fhaireachán ar chur chun feidhme na tacaíochta eanála tar éis don Phrótacal dul in éag.

- (b) Déanfar méid sonracha na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2 mír 2(b) a íoc i dtráthchodanna. I gcás na chéad bhliana den Phrótacal, íocfar an tráthchuid ar bhonn na riachtanas a shainaithnítear mar chuid den chlársceidealú comhaontaithe. I gcás na mblianta ina dhiaidh sin den chur chun feidhme, íocfar na tráthchodanna ar bhonn na riachtanas a shainaithnítear mar chuid den chlársceidealú comhaontaithe agus ar bhonn anailís ar na torthaí a bhainfear amach i gcur chun feidhme na tacaíochta eanála. Déanfar na tráthchodanna a íoc tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis don Chomhchoiste cinneadh a dhéanamh.
5. Forchoimeádann an tAontas an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh, i bpáirt nó go hiomlán, ar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 2 mír (2)(b) nó chun an íocaíocht sin a chur ar fionraí, i bpáirt nó go hiomlán:
  - (a) má bhíonn difríochtaí suntasacha idir na torthaí a gheofar agus an clársceidealú, tar éis meastóireacht a dhéanfaidh an Comhchoiste;
  - (b) i gcás nach gcuirtear an ranníocaíocht airgeadais sin chun feidhme faoi mar a chinnfidh an Comhchoiste.
6. Cuirfear tús leis an ranníocaíocht airgeadais athuair tar éis an chomhairliúcháin idir na Páirtithe agus tar éis don Chomhchoiste sin a chomhaontú nuair a bheidh údar maith leis ar bhonn thorthaí chur chun feidhme an chlársceidealaithe chomhaontaithe dá dtagraítear i mír 1. Mar sin féin, ní íocfar amach an ranníocaíocht airgeadais shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 2 mír 2(b) tar éis tréimhse sé mhí (6) ar dhul in éag don Phrótacal.
7. Gach bliain, féadfaidh Oileáin Cook méid breise a leithdháileadh, más gá, ar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2 mír 2(b) den mhéid dá dtagraítear in Airteagal 2 mír 2(a) d'fhonn an clár ilbhliantúil a chur chun feidhme. Cuirfear an leithdháileadh sin in iúl don Aontas laistigh de dhá (2) mhí tar éis chothrom dáta thús chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail.
8. Tugann na Páirtithe gealltanais a áirithiú go méadófar infheictheacht na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme trí bhíthin tacaíochta eanála.

#### *Airteagal 4*

#### ***Comhar eolaíoch maidir leis an iascaireacht fhreagrach***

1. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bPrótacal, ag féachaint do cheannasacht agus cearta ceannasacha Oileáin Cook maidir lena n-acmhainn iascaigh, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus faireachán á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook.
2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, de réir mar is gá, chun faisnéis ábhartha staidrimh, bhitheolaíoch, eacnamaíoch, chaomhnaithe agus chomhshaoil a mhalartú a bhaineann le gníomhaíochtaí shoithí an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook chun na beo-acmhainní muirí a bhainistiú agus a chaomhnú.
3. Tabharfaidh na Páirtithe gealltanais chun comhar a chur chun cinn maidir le caomhnú agus bainistíocht fhreagrach iascach laistigh den Choimisiún Iascaigh don Aigéan

Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) agus laistigh d'aon eagraíocht fhoréigiúnach, réigiúnach, idirnáisiúnta ábhartha eile.

#### *Airteagal 5*

#### ***Athbhreithniú ar na deiseanna iascaireachta agus forálacha teicniúla a dhéanfaidh an Comhchoiste***

1. Féadfaidh an Comhchoiste athmheasúnú agus cinneadh a dhéanamh athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhéid a dheimhnítear le bearta caomhnaithe agus bainistithe WCPFC go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe tuinníní agus speicis de chineál tuinnín san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir.
2. Sa chás sin, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2 mír 2(a) a choigeartú go comhréireach agus *pro rata temporis*. Mar sin féin, an méid bliantúil iomlán atá le híoc ag an Aontas, ní bheidh sé níos mó ná dhá oiread an mhéid a shonraítear in Airteagal 2, mír 2(a).
3. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Comhchoiste, trí chomhaontú frithpháirteach, de réir mar is gá, scrúdú a dhéanamh ar fhorálacha teicniúla an Phrótacail agus na hIarscríbhíne agus a chinneadh iad a ghlacadh.

#### *Airteagal 6*

#### ***Fionraí***

1. Is féidir an Prótacal seo, lena n-áirítear an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2 míreanna 2(a) agus (b), a chur ar fionraí ar thionscnamh ceachtar de na Páirtithe sna cásanna agus faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chomhaontú.
2. Gan dochar d'Airteagal 3, féadfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais a atosú a luaithe a athbhunófar an staid a bhí ann roimh na teagmhais a luaitear in Airteagal 13 den Chomhaontú nó a luaithe a thiofcar ar réiteach i gcomhréir leis an gComhaontú.

#### *Airteagal 7*

#### ***Foirceannadh***

Féadfar an Prótacal seo a fhoirceannadh ar thionscnamh ó cheachtar Páirtí sna cásanna agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 14 den Chomhaontú.

#### *Airteagal 8*

#### ***Rúndacht***

1. Maidir le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála agus a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook, déanfaidh na Páirtithe rúndacht agus slándáil na sonraí sin a chothabháil.
2. Bainfidh na húdaráis inniúla úsáid as na sonraí chun an Comhaontú Iascaigh a chur chun feidhme, agus go háirithe chun críoch bainistithe iascaigh agus chun faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascaigh. Má bhaintear úsáid astu chun críche eile, áiritheoidh na Áirithe nach gcuirfear ar fáil san fhearann poiblí ach sonraí comhiomlánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta.

3. Chun an Prótacal a chur chun feidhme go hiomchuí, déanfar roinnt catagóirí sonraí pearsanta a phróiseáil.
  - (a) Sonraí sainaitheantais agus teagmhála
  - (b) Sonraí a bhaineann le húinéirí agus oibreoirí soithí (post nó ról), máistrí agus baill den chriú
  - (c) An fhaisnéis eile uile a bhaineann le hábhar an Chomhaontaithe
4. Ní choimeádfar sonraí pearsanta thar an am is gá chun na críche ar malartaíodh iad, ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a mhéad, ach amháin má tá gá leis na sonraí pearsanta chun go bhféadfar gníomhaíocht leantach a dhéanamh maidir le sárú, cigireacht, nó nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin, nó taighde eolaíoch. Sna cásanna sin, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain. Déanfar sonraí pearsanta anaithnid má choinnítear iad ar feadh tréimhse níos faide.
5. Is é an Coimisiún Eorpach nó an Ballstát brataí, i gcás an Aontais, agus an Aireacht Acmhainní Muirí, i gcás Oileáin Cook, a bheidh freagrach as próiseáil na sonraí.
6. Féadfaidh an Comhchoiste cosaintí agus leigheasanna dlí iomchuí a bhunú.

#### *Airteagal 9*

##### ***Malartuithe leictreonacha sonraí***

1. Tabharfaidh Oileáin Cook agus an tAontas gealltanais na córais is gá a chur chun feidhme chun gach faisnéis agus doiciméad a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail a mhalartú go leictreonach. Measfar ag aon tráth an fhoirm leictreonach de dhoiciméad a bheith coibhéiseach leis an leagan páipéir.
2. Tabharfaidh na Páirtithe fógra láithreach don Pháirtí eile faoi aon bhriseadh i gcóras leictreonach lena gcuirtear bac ar mhalartuithe den sórt sin. Sna himthosca sin, cuirfeadh a leagan páipéir go huathoibríoch in ionad na faisnéise agus na ndoiciméad a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail ar an gcaoi a shainmhínítear san Iarscríbhinn.

#### *Airteagal 10*

##### ***Oibleagáidí ar dhul in éag nó ar fhoirceannadh an Phrótacail***

1. Tar éis dhul in éag nó fhoirceannadh an Phrótacail i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú, leanfaidh úinéirí shoithí an Aontais de bheith faoi dhliteanas i leith aon sárú ar fhorálacha an Chomhaontaithe nó an Phrótacail nó ar aon dlí de chuid Oileáin Cook a tharlaíonn roimh dhul in éag nó fhoirceannadh an Phrótacail, nó i leith aon táille cheadúnais nó aon dleacht amuigh nach n-íoctar tráth an dul in éag nó an fhoirceanta.
2. Más gá, leanfaidh na Páirtithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála dá bhforáiltear faoi phointe (b) d'Airteagal 2(2) den Phrótacal seo, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus le rialacha cur chun feidhme maidir le tacaíocht earnála.

#### *Airteagal 11*

##### ***Cur i bhfeidhm sealadach***

Nuair a shíneoidh na Páirtithe an Prótacal seo, cuirfeadh i bhfeidhm go sealadach é sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 12*  
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm nuair a bheidh fógra tugtha ag na Páirtithe dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá curtha i gcrích acu.

## IARSCRÍBHINN

# NA COINNÍOLLACHA FAOINA bhFÉADFAIDH SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS DEISEANNA IASCAIREACHTA A SHAOTHRÚ FAOIN bPRÓTACAL LENA LEAGTAR AMACH NA DEISEANNA IASCAIREACHTA AGUS AN RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS DÁ bhFORÁILTEAR SA CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH INBHUANAITHE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS OILEÁIN COOK

### Caibidil I

#### *Forálacha ginearálta*

#### Roinn 1

#### Sainmhínithe

1. ciallaíonn ‘údarás inniúil’:

(a) maidir leis an Aontas Eorpach (dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta) An Coimisiún Eorpach;

(b) maidir le hOileáin Cook: An Aireacht Acmhainní Muirí.

2. Ciallaíonn ‘údarú iascaireachta’ teidlíocht bhailí nó ceadúnas chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh speicis shonracha, agus trealamh sonrach á úsáid, laistigh de na limistéir shonraithe iascaireachta i gcomhréir leis na téarmaí dá bhforáiltear faoin Iarscríbhinn seo.

3. Ciallaíonn ‘*force majeure*’ cailteanas nó bac gluaiseachta fada soithigh i ngeall ar chliseadh teicniúil tromchúiseach.

4. Ciallaíonn ‘lá iascaireachta’ lá féilire a dhéanann soitheach peas-saighne de chuid an Aontais aon iascaireacht, nó cuid de thréimhse 24 uair (00:00-24:00) an lae féilire sin, ar lena linn atá soitheach peas-saighne de chuid an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook, ach nach n-áirítear leis lá féilire, ná cuid de lá féilire, arna shainiú mar ‘lá neamhiascaireachta’ i bhFoscríbhinn 1.

#### Roinn 2

#### Teagmhálaithe

1. Roimh thosach chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo, malartóidh na Páirtithe le chéile na sonraí teagmhála ábhartha uile maidir le cur chun feidhme an Phrótacail agus cuirfidh siad in iúl dá chéile iad mar is iomchuí.

2. Gheobhaidh Toscaireacht an Aontais Eorpaigh don Aigéan Ciúin cóip de na malartuithe cumarsáide go léir idir na húdaráis inniúla a shainítear i Roinn 1 agus a bhaineann le cur chun feidhme na hIarscríbhinne seo.

#### Roinn 3

#### Limistéir iascaireachta

1. Maidir le soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu arna eisiúint ag Oileáin Cook faoin gComhaontú, údarófar iad chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, eadhon uiscí iascaigh Oileáin Cook seachas limistéir

chosanta nó limistéir thoirmisce. Cuirfidh Oileáin Cook in iúl don Aontas comhordanáidí uiscí iascaigh Oileáin Cook agus na limistéar faoi chosaint nó na limistéir iascaireachta atá coiscthe roimh thús chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe.

2. Cuirfidh Oileáin Cook in iúl don Aontas aon mhodhnú ar na limistéir sin i gcomhréir le forálacha Airteagal 11 den Chomhaontú.

#### Roinn 4

##### Gníomhaire an tsoithigh

Féadfaidh gníomhaire (cuideachta nó duine) a bhfuil cónaí air in Oileáin Cook, ionadaíocht a dhéanamh ar gach soitheach de chuid an Aontais atá ag cur isteach ar údarú iascaireachta, arna chur in iúl go hiomchuí d'údarás inniúil Oileáin Cook.

#### Roinn 5

##### Soithí incháilithe an Aontais

Ionas go mbeidh soitheach de chuid an Aontais incháilithe chun údarú iascaireachta a fháil, ní mór nach mbeidh toirmeasc curtha ar an úinéir, ar an máistir ná ar an soitheach féin iascaireacht a dhéanamh in uiscí iascaigh Oileáin Cook. Ní mór dóibh a bheith i gcomhréir le dlíthe Oileáin Cook agus ní mór na hoibleagáidí roimh ré uile a d'eascair as a ngníomhaíochtaí iascaireachta in Oileáin Cook a bheith comhlíonta faoi réir comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích leis an Aontas. Thairis sin, comhlíonfaidh siad reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le húdaruithe iascaireachta, beidh siad ar thaifead WCPFC na soithí iascaireachta, beidh siad ar chláir dea-bhuan FFA agus ní bheidh siad ar liosta soithí NNN de chuid RFMO.

## Caibidil II

### *Údaruithe iascaireachta a bhainistiú*

#### Roinn 1

##### Tréimhse bhailíochta an údaruithe iascaireachta

Beidh údarú iascaireachta bailí ar feadh tréimhse aon bhliain amháin, dá ngairtear 'tréimhse bhailíochta bhliantúil'. Tá dáta tosaigh na tréimhse sin ag brath ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo. Tiocfaidh deireadh leis na húdaruithe iascaireachta uile ina dhiaidh sin cothrom dháta an Phrótacail.

#### Roinn 2

##### Iarratas ar údarú iascaireachta

1. Is iad soithí incháilithe an Aontais a shainítear i gCaibidil I, Roinn 4 den Iarscríbhinn seo, agus na soithí sin amháin, a fhéadfaidh údarú iascaireachta a fháil faoin bPrótacal seo lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú.

2. 20 lá oibre ar a laghad roimh an dáta a mheastar a chuirfear tús le gníomhaíochtaí iascaireachta, cuirfidh an tAontas faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook iarratas ar údarú iascaireachta le haghaidh gach soithigh de chuid an Aontais ar mian leis iascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú. Cuirfidh Oileáin Cook an fhaisnéis go léir is gá ar fáil don

Aontas maidir leis an bpróiseas ceadúnúcháin aon mhí amháin sula dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin.

3. Íocfaidh úinéirí na long na réamhtháillí atá dlite in aghaidh thréimhse iomlán bhliantúil bhailíochta an údaraithe iascaireachta.

4. Sula gcuirfear an Prótacal i bhfeidhm go sealadach, tabharfaidh Oileáin Cook fógra don Aontas faoi shonraí na gcuntas de chuid Státchiste Oileáin Cook inar gá na táillí is iníoctha ag soithí an Aontais faoin gComhaontú a íoc. Is iad na longúinéirí a íocfaidh na costais aistrithe baine ghaolmhara.

5. Maidir le gach iarratas tosaigh ar údarú iascaireachta, nó tar éis mórathrú teicniúil a bheith déanta ar an soitheach lena mbaineann, cuirfidh an tAontas an t-iarratas isteach go leictreonach chuig údarás inniúil Oileáin Cook agus úsáid á baint as an bhfoirm, nó as an gcóras leictreonach atá á chur chun feidhme, ag an Aireacht Acmhainní Muirí agus beidh na doiciméid seo a leanas ag gabháil leis:

- (a) cruthúnas gur íocadh an réamhtháille le haghaidh thréimhse bhailíochta an údaraithe iascaireachta;
- (b) grianghraif dhaite dhigiteacha, agus dátstampa leo, a bheidh tógtha le déanaí (laistigh de 12 mhí nó níos lú) den soitheach de thaifeach 72dpi, 1 400 × 1 050 pic. ina dtaispeántar radharc cliathánach den soitheach lena n-áirítear ainm an tsoithigh in aibítir bhunúsach Laidine ISO;
- (c) cóip de dheimhniú trealaimh sábháilteachta an tsoithigh;
- (d) cóip de dheimhniú clárúcháin an tsoithigh;
- (e) cóip den deimhniú rialaithe sláintíochta loinge;
- (f) cóip de dheimhniú clárúcháin faoin gclár dea-stádais FFA;
- (g) plean stuála

6. Maidir le hathnuachan údaraithe iascaireachta soithigh nár modhnaíodh a shonraíochtaí teicniúla, ní bheidh ag gabháil leis an iarratas ar athnuachan ach cruthúnas gur íocadh an réamhíocaíocht, deimhniú reatha clárúcháin faoin clár dea-stádais FFA agus cóipeanna d'aon deimhniú athnuacháin mar a liostaítear i bpointe 5(c), (d) agus (e).

7. Íocfar an réamhtháille isteach sa chuntas baine arna chur ar fáil ag údaráis Oileáin Cook.

8. Cuimseofar sna híocaíochtaí na muirir náisiúnta agus áitiúla uile seachas cánacha calafoirt agus muirir sheirbhíse.

9. Má tharlaíonn sé go bhfuil iarratas neamhiomlán nó mura gcomhlíonann sé na coinníollacha faoi phointí 5, 6, 7 agus 8 thuas, laistigh de 7 lá oibre tar éis d'údaráis Oileáin Cook an t-iarratas leictreonach a fháil, cuirfidh údaráis siad in iúl d'údarás inniúil an Aontais na cúiseanna lena measfar go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán nó nach gcomhlíonann sé na coinníollacha faoi phointí 5, 6, 7 agus 8.

### Roinn 3

#### Údaruithe iascaireachta a eisiúint

1. Eiseoidh Oileáin Cook an t-údarú iascaireachta laistigh de 15 lá oibre ón iarratas iomlán a fháil trí ríomhphost.

2. Déanfaidh údarás inniúil Oileáin Cook an t-údarú iascaireachta a tharchur gan mhoill trí mheán leictreonach chuig úinéir na loinge agus chuig údarás inniúil an Aontais. An tráth céanna, cuirfear údarú iascaireachta i bhfoirm páipéir chuig úinéir na loinge.
3. Ar eisiúint dóibh an t-údarú iascaireachta, déanfaidh údarás inniúil Oileáin Cook an soitheach a áireamh ar an liosta de shoithí an Aontais atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook. Cuirfear an liosta sin ar fáil d'eintitis ábhartha faireacháin, rialaithe agus faireachais Oileáin Cook agus d'údarás inniúil an Aontais.
4. Cuirfear foirm pháipéir an údaraithe iascaireachta in ionad foirme leictreonaí de a luaithe is féidir.
5. Eiseofar údarú iascaireachta do shoitheach ar leith agus ní bheidh sé inaistrithe.
6. Ní mór an t-údarú iascaireachta (i bhfoirm leictreonach, nó i bhfoirm pháipéir nuair a bheidh sé ar fáil) a choinneáil ar bord an tsoithigh i gcónaí.

#### Roinn 4

##### *Force majeure*

1. I gcás ina gcruthófar *force majeure*, agus arna iarraidh sin don Aontas, féadfar údarú iascaireachta soithigh a chur ar fionraí agus a aistriú le haghaidh na tréimhse a bheidh fágtha dá bhailíocht, chuig soitheach incháilithe eile de chuid an Aontais a bhfuil saintréithe comhchosúla aige, gan aon táille bhreise a bheith dlite.
2. Eiseofar údarú iascaireachta don soitheach incháilithe nua i gcomhréir leis na forálacha a bhunaítear i Roinn 3 agus faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le cur i bhfeidhm mar a leagtar amach i Roinn 2 iad, gan aon cheanglas ar réamhíocaíocht nua.

#### Roinn 5

##### Coinníollacha údaraithe iascaireachta — táillí agus réamhíocaíochtaí

1. Eiseofar údarú iascaireachta a luaithe a bheidh na méideanna seo a leanas íoctha in aghaidh gach soithigh de chuid an Aontais le hOileáin Cook:
  - (a) réamhíocaíocht bhliantúil EUR céad agus dhá mhíle dhéag, cúig chéad (112 500) lena dtabharfar an ceart don ártach iascaireachta iascaireacht a dhéanamh ar feadh cúig lá fichead (25) laistigh de limistéir iascaireachta Oileáin Cook.
  - (b) ranníocaíocht bhliantúil speisialta le haghaidh údarú iascaireachta EUR ocht míle tríocha, cúig chéad (38 500).
2. Má tá siad ar fáil, féadfaidh úinéirí long laethanta iascaireachta a cheannach sa bhreis ar na laethanta iascaireachta a ceannaíodh faoi mhír 1(a), arna iarraidh sin d'údarás inniúil an Aontais ar údaráis Oileáin Cook. EUR ocht míle (8 000) in aghaidh an lae a bheidh sa phraghas a bheidh le híoc ag na longúinéirí ar na laethanta breise. Go dtí go ndéanfaidh úinéir na loinge íocaíocht iomlán as na laethanta breise, beidh teorainn ar an úinéir loinge gan ach na laethanta a cheannaítear faoi mhír 1(a) a úsáid.
3. Féadfaidh úinéirí long de chuid an Aontais uasmhéid céad agus deich (110) lá iascaireachta breise in aghaidh na bliana a cheannach.

## Caibidil III

### Faireachán

#### Roinn 1

##### Bainistíocht agus faireachán ar an iarracht

1. Maidir le hiarracht iomlán shoithí an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, nuair a bhainfidh sé 70 lá iascaireachta amach tabharfaidh Oileáin Cook fógra d'údaráis an Aontais faoi. Tar éis dóibh an fógra sin a fháil, tabharfaidh údaráis an Aontais fógra láithreach do na Ballstáit.
2. A luaithe a bheidh an leibhéal iarrachta 70 lá iascaireachta bainte amach, déanfaidh Oileáin Cook faireachán ar leibhéal iarrachta shoithí an Aontais agus cuirfidh siad údaráis an Aontais ar an eolas láithreach nuair a bhainfear 95 lá iascaireachta amach. Cuirfidh údaráis an Aontais na Ballstáit ar an eolas láithreach nuair a gheobhaidh siad an fógra ó Oileáin Cook.
3. Cuimseofar san fhaireachán sin an cinneadh a rinne an t-údarás inniúil in Oileáin Cook maidir le héilimh oibreoir an tsoithigh ar laethanta neamhiascaireachta. I gcás nach n-aontóidh úinéirí long leis an gcinneadh a ghlac an t-údarás inniúil in Oileáin Cook maidir lena n-éilimh ar laethanta neamhiascaireachta, féadfaidh siad a iarraidh ar údarás inniúil an Aontais dul i gcomhairle le Lárionad Faireacháin Iascaigh an Stáit Brataí agus/nó le hinstiúidí ábhartha eile d'fhonn teacht ar réiteach ar an díospóid.
4. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú, le linn a chruinnithe bhliantúil, ar an úsáid a bhaineann soithí an Aontais as laethanta iascaireachta.

#### Roinn 2

##### Taifeadadh agus tuairisciú gabhálacha

1. Na soithí de chuid an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook faoin gComhaontú seo, cuirfidh siad a ngabhálacha in iúl d'údarás inniúil Oileáin Cook ar an mbealach seo a leanas, go dtí go gcuirfidh an dá pháirtí chun feidhme córas tuairiscithe leictreonach ar ghabhálacha ('ERS'):
2. Maidir le soithí an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, déanfaidh siad bileoga loga réigiúnacha Peas-Saighne SPC/FFA, bileog loga atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhphobal an Aigéin Chiúin (SPC)<sup>1</sup>, a chomhlánú do gach lá a bhíonn siad i láthair i limistéir iascaireachta Oileáin Cook. Líonfar an fhoirm isteach fós, fiú mura ndearnadh aon ghabháil nó nuair atá an long ar idirthuras, líonfar go soléite í agus síneoidh máistir an tsoithigh, nó a ionadaí, an fhoirm. Úsáidfear bileoga loga go dtí go gcuirfear socruithe tuairiscithe leictreonacha comhoiriúnacha chun feidhme.
3. Fad atá siad i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, déanfaidh soithí an Aontais achoimre ar na logleabhair iascaireachta faoi phointe 2 a thuairisciú d'údarás inniúil Oileáin Cook gach 7 lá agus úsáid á baint as Teimpléad Uimh. 3 (tuarascáil gabhála CAT) d'Fhoscríbhinn 2.
4. A mhéid a bhaineann le tiolacadh na mbileog logleabhair iascaireachta dá dtagraítear i bpointe 2, déanfaidh soithí an Aontais an méid seo a leanas:

---

<sup>1</sup> <https://oceanfish.spc.int/en/data-collection/241-data-collection-forms>

- (a) sa chás go dtéann siad isteach i gcalafort iontrála Oileáin Cook (Avatiu, Arutanga, Tuanganui, Omoka, Tauhunu, Tukao, Yato), cuirfidh siad an fhoirm chomhlánaithe faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook faoi seach laistigh de chúig (5) lá tar éis an teacht isteach, nó in aon chás sula bhfágfaidh siad an calafort, cibé acu is tuisce a tharlóidh. Tabharfaidh údarás inniúil Oileáin Cook admháil i scríbhinn;
- (b) nuair atá siad ag fágáil limistéir iascaireachta Oileáin Cook gan dul trí chalafort iontrála de chuid Oileáin Cook ar dtús, seolfar cóipeanna de bhileoga logleabhair laistigh de thréimhse cúig déag (15) lá oibre tar éis limistéir iascaireachta Oileáin Cook a fhágáil ar an gcaoi seo a leanas;
- trí ríomhphost, chuig seoladh ríomhphoist údarás inniúil Oileáin Cook; nó
  - Ba cheart an leagan bunaidh de gach logleabhar iascaireachta a sheoladh laistigh de thréimhse seacht (7) lá oibre tar éis an chéad teacht isteach i gcalafort tar éis limistéir iascaireachta Oileáin Cook a fhágáil.
  - Ní mór cóipeanna de na logleabhair iascaireachta sin a sheoladh chuig na hinstitiúidí eolaíocha ábhartha an tráth céanna: IRD (Institut de Recherche pour le Développement) nó IEO (Instituto Español de Oceanografía).
5. Cuirfear na focail ‘limistéir iascaireachta Oileáin Cook’ isteach sna bileoga logleabhair thuasluaite i ndáil le tréimhsí ina bhfuil an soitheach i limistéir iascaireachta Oileáin Cook lena linn.
6. Féachfaidh an dá Pháirtí le tuairisciú leictreonach agus socruithe comhoiriúnacha a chur chun feidhme maidir le sonraí agus faisnéis a mhalartú go leictreonach i ndáil le gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais i limistéir iascaireachta Oileáin Cook.
7. A luaithe a chuirfear córas leictreonach an dearbhaithe gabhála chun feidhme tiocfaidh sé go hiomlán in ionad na bhforálacha maidir le taifeadadh a leagtar amach i bpointí 2 go 4 thuas, ach amháin i gcás fadhbanna teicniúla nó mífheidhme, ina ndéanfar dearbhuithe maidir le gabhálacha de bhun phointí 2 go 4 thuas.

### Roinn 3

Teachtaireacht maidir le teacht isteach in uiscí iascaigh Oileáin Cook agus iad a fhágáil

1. Gan dochar do na hoibleagáidí i Roinn 1 den Chaibidil seo, maidir le soithí de chuid an Aontais atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú, cuirfidh siad in iúl d’údarás inniúil Oileáin Cook 24 uair an chloig ar a laghad roimh ré go bhfuil rún acu dul isteach i limistéir iascaireachta Oileáin Cook nó iad a fhágáil.
2. Le linn dóibh a fhógairt go bhfuil siad ag dul isteach nó ag fágáil, tabharfaidh soithí an Aontais fógra faoi mhéid na ngabhálacha a choimeádtar ar bord agus na speicis atá iontu. An suíomh ina mheastar a bheidh an soitheach tráth a mheastar a bheidh sé ag dul isteach/ag imeachta, cuirfidh an soitheach an méid sin in iúl freisin. Déanfar na teachtaireachtaí sin san fhormáid a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2, Teimpléid Uimh. 1 agus Uimh. 2, trí ríomhphost, chuig na teagmhálacha a chuirtear ar fáil inti.

### Roinn 4

Tabhairt i dtír

1. Is iad Calafóirt Avatiu agus Omoka na calafóirt ainmnithe le haghaidh gníomhaíochtaí tabhairt i dtír in Oileáin Cook. Féadfaidh údarás inniúil Oileáin Cook gníomhaíochtaí tabhairt

i dtír a údarú i gcalafóirt ainmnithe eile in Oileáin Cook. Cuirfear údarás inniúil an Aontais ar an eolas dá réir sin.

2. Maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar mian leo gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafóirt ainmnithe Oileáin Cook, tabharfaidh siad fógra faoin bhfaisnéis seo a leanas don údarás inniúil in Oileáin Cook 72 uair an chloig roimh ré ar a laghad:

a) an calafort ina ndéanfar an tabhairt i dtír;

b) ainm agus Glao-Chomhartha Idirnáisiúnta Raidió (IRCS) an tsoithigh iascaireachta atá ag tabhairt i dtír;

c) dáta agus am tabhairt i dtír;

d) an chainníocht in Kg, arna slánú go dtí an 100 Kg is gaire, de réir speiceas atá le tabhairt i dtír;

e) cur i láthair an táirge

3. Ní mór do shoithí iascaireachta a gcuid dearbhuithe gabhála a chur faoi bhráid údaráis inniúla Oileáin Cook, tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an tabhairt i dtír a chur i gcrích, nó in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach an calafort, cibé acu is túisce a tharlóidh.

## Roinn 5

### Trasloingsiú

1. Soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta Oileáin Cook acu agus ar mian leo gabhálacha a thrasloingsiú in uiscí iascaigh Oileáin Cook, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de chalafoirt ainmnithe Oileáin Cook, agus sa chás sin amháin, mar a luaitear i gCaibidil III, Roinn 1, pointe 4(a). Toirmisctear trasloingsiú ar muir lasmuigh de chalafoirt agus is faoi dhliteanas na bpiónós dá bhforáiltear le dlíthe Oileáin Cook a bheidh aon duine a sháróidh an fhoráil sin.

2. Ní mór d'úinéir na loinge nó do ghníomhaire an tsoithigh an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl d'údarás inniúil Oileáin Cook 72 n-uair an chloig roimh ré ar a laghad:

a) an calafort trasloingsithe ina ndéanfar an oibríocht;

b) ainm agus IRCS an tsoithigh iascaireachta bhronnta;

c) ainm agus IRCS an tsoithigh iascaireachta glactha;

d) dáta agus am an trasloingsithe;

e) an chainníocht in Kg, arna slánú go dtí an 100 Kg is gaire, de réir speiceas atá le trasloingsiú;

f) cur i láthair an táirge.

3. Ní mór do shoithí de chuid an Aontais a gcuid dearbhuithe trasloingsithe a chur faoi bhráid údaráis inniúla Oileáin Cook, tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an trasloingsithe, nó in aon chás, sula bhfágfaidh an soitheach bronnta an calafort, cibé acu is túisce a tharlóidh.

## Roinn 6

### Córas um Fhaireachán Soithí (VMS)

Gan dochar d'inniúlacht an Stáit Brataí agus d'oibleagáidí shoithí an Aontais i leith lárionad Faireacháin Iascaireachta a Stáit Brataí, comhlíonfaidh gach soitheach de chuid an Aontais

Córas um Fhaireachán Soithí Fóraim (FFA VMS) atá i bhfeidhm faoi láthair i limistéir iascaireachta Oileáin Cook.

## Roinn 7

### Breathnóirí

1. Soithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta Oileáin Cook ina seilbh acu, agus iad ag feidhmiú i limistéir iascaireachta Oileáin Cook, áiritheoidh siad clúdach breathnóra i gcomhréir le bearta caomhnaithe agus bainistithe ábhartha WCPFC agus le reachtaíocht ábhartha Oileáin Cook.

2. Beidh breathnóir údaraithe ar bord soithí de chuid an Aontais ó Chlár Breathnóirí Réigiúnacha WCPFC nó beidh breathnóir IATTC ar bord arna údarú tríd an Meabhrán Tuisceana arna chomhaontú idir WCPFC agus IATTC maidir le breathnóirí a thras-fhormhuiniú.

## Caibidil IV

### Rialú

1. Comhlíonfaidh soithí an Aontais forálacha ábhartha reachtaíocht náisiúnta Oileáin Cook maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, chomh maith leis na bearta caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag WCPFC.

2. Nósanna imeachta rialaithe:

(a) Comhoibreoidh máistrí shoithí an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéir iascaireachta Oileáin Cook le haon oifigeach atá údaraithe agus atá sainaitheanta go cuí agus a dhéanann cigireacht agus rialú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta;

(b) Gan dochar d'fhorálacha reachtaíocht náisiúnta Oileáin Cook, ba cheart bordáil a dhéanamh ar bhealach inar féidir an t-ardán cigireachta agus na cigirí a aithint mar oifigigh údaraithe Oileáin Cook;

(c) Cuirfidh Oileáin Cook ar fáil d'údarás inniúil an Aontais liosta de na hardáin chigireachta uile a úsáidtear le haghaidh cigireachtaí ar muir. Ba cheart an méid seo a leanas, ar a laghad, a chuimsiú sa liosta sin:

- Ainmneacha na Soithí Patróil Iascaigh;
- Sonraí na Soithí Patróil Iascaigh;
- Grianghrafadóireacht Soithí Patróil Iascaigh;

(d) Féadfaidh Oileáin Cook, arna iarraidh sin don Aontas, nó do chomhlacht arna ainmniú ag an Aontas, cead a thabhairt do chigirí an Aontais breathnú ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais, lena n-áirítear trasloingsithe, le linn rialuithe ar tír mór;

(e) A luaithe a bheidh an chigireacht críochnaithe agus an tuarascáil chigireachta sínithe ag an gceigire, cuirfear an tuarascáil ar fáil don mháistir lena síniú agus le barúlacha a chur léi, más ann dóibh. Beidh an síniú sin gan dochar do chearta na bPáirtithe i gcomhthéacs nósanna imeachta um shárú líomhnaithe. Tabharfar cóip den tuarascáil iniúchta don mháistir an tsoithigh sula bhfágfaidh an cigire an soitheach.

(f) ní fhanfaidh cigirí ar bord níos faide ná mar is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh.

3. Ceadóidh máistrí shoithí an Aontais a bheidh ag gabháil d'oibríochtaí tabhairt i dtír nó trasloingsithe i gcalafort in Oileáin Cook cigireacht ar na hoibríochtaí sin ag oifigigh údaraithe Oileáin Cook, agus éascóidh siad an chigireacht sin.

4. I gcás nach gcomhlíontar na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, forchoimeádan údarás inniúil Oileáin Cook an ceart chun údarú iascaireachta an tsoithigh chiontaigh a chur ar fionraí go dtí go mbeidh na foirmiúlachtaí curtha i gcrích agus chun an pionós a leagtar síos i reachtaíocht Oileáin Cook a chur i bhfeidhm. Cuirfear an Ballstát brataí agus údarás inniúil an Aontais ar an eolas láithreach.

## **Caibidil V**

### *Forfheidhmiú*

#### 1. Smachtbhannaí

(a) Mura gcomhlíonfar aon cheann d'fhorálacha an Phrótacail seo, ná na mbearta caomhnaithe agus bainistithe a arna nglacadh ag na heagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh ábhartha, ná dhlí náisiúnta Oileáin Cook, beidh sé faoi réir pionóis mar a leagtar síos le dlí náisiúnta Oileáin Cook.

b) Cuirfear an Ballstát brataí agus údarás inniúil an Aontais ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoi aon smachtbhanna agus faoi na fíorais ábhartha uile a bhaineann leis.

(c) I gcás ina bhforchuirtear le smachtbhanna go ndéanfar údarú iascaireachta a chur ar fionraí nó a chúlghairm, le linn na tréimhse bailíochta a bheidh fágtha den údarú iascaireachta ar tugadh an t-údarú ina leith, féadfaidh údarás inniúil an Aontais údarú iascaireachta eile a iarraidh, a bheadh infheidhme ar shlí eile, le haghaidh soitheach úinéara loinge eile.

#### 2. Soithí an Aontais a ghabháil agus a choinneáil

(a) Cuirfidh Oileáin Cook údarás inniúil an Aontais agus an Ballstát brataí ar an eolas láithreach faoi ghabháil agus/nó coinneáil aon soithigh iascaireachta ag a bhfuil údarú iascaireachta faoin gComhaontú.

(b) Déanfaidh Oileáin Cook cóip den tuarascáil chigireachta, lena sonraítear na himthosca agus cúiseanna na gabhála agus/nó na coinneála, a tharchur chuig údarás inniúil an Aontais agus chuig an mBallstát brataí, laistigh d'ocht n-uaire daichead (48) i gcás inarb indéanta.

#### 3. Nós imeachta chun faisnéis a mhalartú i gcás gabhála agus/nó coinneála

(a) Agus urraim á tabhairt do sprioc-amanna agus do nósanna imeachta na n-imeachtaí dlíthiúla dá bhforáiltear le dlíthe náisiúnta Oileáin Cook maidir le gabháil agus/nó coinneáil, tionólfar cruinniú comhairliúcháin idir ionadaithe ó údarás inniúil an Aontais agus Oileáin Cook, tar éis dóibh an fhaisnéis thuas a fháil, a bhféadfaidh ionadaí ón mBallstát ábhartha den Aontas freastal air.

(b) Ag an gcruinniú comhairliúcháin, malartóidh na Páirtithe aon cháipéisíocht nó faisnéis ábhartha le chéile a chabhraíonn le soiléiriú a thabhairt ar na fíorais. Cuirfear an longúinéir nó an gníomhaire ar an eolas faoi thoradh an chruinnithe agus faoi aon bheart a eascraíonn as an ngabháil agus/nó as an gcoinneáil.

#### 4. Gabháil agus/nó coinneáil a réiteach

a) Déanfar iarracht réasúnta an sárú toimhdithe a réiteach go pras.

(b) I gcás ina dtiocfar ar shocrú, cinnfear an méid a bheidh le híoc trí thagairt a dhéanamh do reachtaíocht náisiúnta Oileáin Cook. Mura féidir réiteach den sórt sin a dhéanamh, rachfar ar aghaidh leis na himeachtaí breithiúnacha.

(c) Scaoilfear saor soitheach an Aontais agus urscaoilfear a mháistir a luaithe a chomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as an socrú cairdiúil agus nuair a chuirfear na himeachtaí dlíthiúla i gcrích.

5. Cuirfear údarás inniúil an Aontais ar an eolas maidir le haon imeacht a thionscnófar agus maidir le haon phionós a ghearrfar.

### Caibidil VI

#### *Comhar chun iascaireacht NNN a chomhrac*

1. Chun an faireachán ar iascaigh agus an comhrac in aghaidh iascaireacht NNN a neartú, féachfaidh na máistrí ar shoithí iascaireachta an Aontais le tuairisc a dhéanamh maidir le haon soitheach iascaireachta eile a bheith in uiscí iascaigh Oileáin Cook.

2. Máistir ar shoitheach de chuid an Aontais, nuair a bhreathnaíonn sé ar shoitheach iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina n-iascaireacht NNN, baileoidh sé a mhéid faisnéise agus is féidir faoin soitheach sin agus faoina ghníomhaíocht tráth a chonacthas é. Seoltar tuairiscí breathnóireachta gan mhoill chuig údarás inniúil Oileáin Cook agus cóip de chuig Lárionad Faireacháin Iascaigh an Stáit Brataí.

3. A luaithe is féidir, maidir le haon tuarascáil bhreathnóireachta atá ina sheilbh ag údarás inniúil Oileáin Cook agus a bhaineann le soithí de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina ngníomhaíocht NNN in uiscí iascaigh Oileáin Cook, cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid an Aontais.

# FOSCRÍBHINN 1

## Laethanta an tSoithigh

Laethanta iascaireachta agus laethanta neamh-iascaireachta a ríomh

1) *Lá iascaireachta*: Nuair a dhéanann soitheach peas-saighne de chuid an Aontais aon iascaireacht le linn lá féilire, nó le linn cuid den tréimhse 24 uair (00:00-24:00) den lá féilire sin, ar lena linn atá soitheach peas-saighne de chuid an Aontais in uiscí iascaigh Oileáin Cook, ach nach n-áirítear leis lá féilire, ná cuid de lá féilire, arna shainiú mar ‘lá neamhiascaireachta’.

2) Lá iascaireachta a ríomh:

a) Má thugann soitheach peas-saighne tuairisc le linn aon lá iascaireachta ó shuíomhanna in uiscí iascaigh Oileáin Cook, déanfar an lá iascaireachta sin a leithdháileadh de réir na n-amanna iarbhír a chaitear in uiscí Oileáin Cook.

b) I gcás ina dtuairisceoidh soitheach peas-saighne a bheith in uiscí iascaigh Oileáin Cook ar feadh tréimhse iomlán (00:00-24:00) lae féilire:

i) áireofar an lá féilire (iomlán) sin mar lá iascaireachta má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta an lá féilire sin;

ii) ní dhéanfar an lá (iomlán an lae) féilire sin a áireamh mar lá iascaireachta má chomhlíonann an soitheach riachtanais lae neamhiascaireachta i míreanna 3 go 6 den Fhoscríbhinn seo

c) I gcás ina dtuairisceoidh soitheach peas-saighne a bheith in uiscí iascaigh Oileáin Cook ar feadh tréimhse níos lú ná tréimhse iomlán (00:00-24:00) lae féilire:

i) áireofar an chuid sin de lá féilire sin mar chuid de lá iascaireachta má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta sa chrios iascaireachta le linn na tréimhse sin;

ii) ní dhéanfar an chuid sin de lá féilire a áireamh mar lá iascaireachta má chomhlíonann an soitheach riachtanais lae neamhiascaireachta i míreanna 3 go 6 den Fhoscríbhinn seo

d) Ní asbhainfear aon lá iascaireachta i leith aon tréimhse a chaithfidh soitheach peas-saighne i gcalafort in Oileáin Cook.

3) *Lá neamhiascaireachta (NFD)*: I gcás soithí ceadúnaithe, déanfar aon lá nó cuid de lá a chaitear sna huiscí iascaigh a áireamh mar lá neamhiascaireachta i gcás nach mbeidh aon ghníomhaíocht iascaireachta ann an lá sin ar aon cheann de na cúiseanna a leagtar amach i mír 5.

4) Ní mór do shoithí ceadúnaithe de chuid an Aontais éilimh NFD a chur isteach agus iad a chur faoi bhráid údarás inniúil Oileáin Cook. Ní mór an méid seo a leanas a chuimsiú i ngach éileamh ar NFD:

a. ainm an tsoithigh;

b. IRCS

- c. Dáta, am agus suíomh (LT/LG) an teacht isteach in uiscí iascaigh Oileáin Cook
- d. Dáta, am agus suíomh (LT/LG) imeachta as uiscí iascaigh Oileáin Cook
- e. Dáta, am agus suíomh (LT/LG) an scortha de ghníomhaíocht iascaireachta in uiscí iascaigh Oileáin Cook
- e. Dáta, am agus suíomh (LT/LG) an atosaithe gníomhaíochta iascaireachta in uiscí iascaigh Oileáin Cook
- g. Cúis shonrach le NFD mar a leagtar amach i mír 5.

5) Cúiseanna sonracha gan gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh:

a) *Idirthuras*<sup>2</sup>: Ní bheidh idirthuras cáilithe mar lá neamhiascaireachta ach amháin má thugtar fógra roimhe sin go mbeidh an soitheach ar idirthuras chuig údarás inniúil Oileáin Cook, fógra ina sonraítear an ceann scríbe idirthurais, an pointe iontrála agus an pointe imeachta.

b) *Idirthuras gabhála iomláine*<sup>2</sup> Ní bheidh idirthuras gabhála iomláine incháilithe mar lá neamhiascaireachta ach amháin má thugtar fógra roimhe sin chuig údarás inniúil Oileáin Cook gur scor an soitheach de ghníomhaíochtaí iascaireachta. Má scortar de ghníomhaíochtaí iascaireachta, ní mór gach trealamh iascaireachta a stuáil, agus ba cheart don soitheach leanúint de chúrsa díreach ar luas seasta a choinneáil ar bun go calafort cinn scríbe. Ba cheart an méid seo a leanas a chuimsiú san fhógra maidir le scor d'iascaireacht:

- i) Ainm an tsoithigh
- ii) IRCS
- iii) Suíomh (LT/LG)
- iv) Ainm an chalafoirt cinn scríbe.

c) *Drochaimsir*: Ní beidh lá a bhfuil drochaimsir ann incháilithe mar lá neamh-iascaireachta ach amháin mura bhfuil an soitheach in ann cur a dhéanamh ná aon ghníomhaíocht iascaireachta eile a dhéanamh le linn na tréimhse 24 uaire an chloig. Ní mór do chaptaen an tsoithigh an chúis atá leis an drochaimsir a shonrú:

- i) Gaoth mhór (scála ... )
- ii) Muir gharbh
- iii) Bainteach le sruth

d) *Feistí um Chomhbhailiú Éisc (FADanna) a chur in úsáid nó a aisghabháil*: Ní bheidh an lá sin incháilithe mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, faoi réir an fhíoraithe i gcoinne thuarascáil an bhreathnóra.

---

<sup>2</sup> Ní mór gach trealamh iascaireachta de chuid an tsoithigh a stuáil ar bhealach nach mbeidh fáil air go héasca le haghaidh iascaireachta; go sonracha, ní mór an búm a ísliú a mhéid is féidir ionas nach féidir an soitheach a úsáid le haghaidh iascaireachta, ach ionas go mbeidh rochtain ar an scif i gcásanna éigeandála; Ní mór an héileacaptar, más ann dó, a cheangal síos; agus ní mór lainsí a bheith daingnithe. Leanann an soitheach de bheith ar chúrsa díreach agus ar luas seasta. Má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta, nó mura gcloítear le haon cheann de na ceanglais thuas, caithfear leis na laethanta uile ar idirthuras mar laethanta iascaireachta.

e) *Buncaireacht* Ní bheidh an lá sin incháilithe mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, faoi réir an fhíoraithe i gcoinne thuarascáil an bhreathnóra.

f) *Eangach a dheisiú*: Beidh lá sin incháilithe mar lá neamhiascaireachta más rud é nach bhfuil criú an tsoithigh ach ag deisiú eangach agus nach ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uaire an chloig, agus sa chás sin amháin.

g) *Cur glantacháin eangai (trialach)*: Ní bheidh sé incháilithe mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, má bhíonn an eangach curtha amach i líne dhíreach gan an braighdín íochtair a bheith ceangailte, faoi réir an fhíoraithe i gcoinne thuarascáil an bhreathnóra.

h) *Cliseadh*: Beidh an lá sin incháilithe mar lá neamhiascaireachta má bhíonn cliste ag an soitheach agus nach ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uaire an chloig, agus nach féidir aon iascaireacht a dhéanamh dá bharr, agus sa chás sin amháin.

i) *Éigeandáil*: Ní bheidh an lá sin incháilithe mar lá neamhiascaireachta ach amháin mura ndéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse 24 uair an chloig, faoi réir an fhíoraithe i gcoinne thuarascáil an bhreathnóra, agus go mbaineann an éigeandáil leis an méid seo a leanas; (i) sláinte agus sábháilteacht an chriú; (ii) sábháilteacht an tsoithigh.

j) *Cuardach agus Tarrtháil*: Is faoi réir an fhíoraithe i gcoinne thuarascáil an bhreathnóra agus ag údarás inniúil Oileáin Cook, agus sa chás sin amháin, a bheidh an lá sin incháilithe mar lá neamhiascaireachta. Más é an toradh a bheidh ar an gCuardach agus an Tarrtháil go bhfillfidh an soitheach ar an gcalafort, ní mór don Chaptaen údarás inniúil Oileáin Cook a chur ar an eolas roimh ré agus sonrúidh sé an méid seo a leanas:

i) Suíomh an tsoithigh;

ii) Calafort cinn scríbe.

Áiritheoidh an soitheach atá ag seoladh le haghaidh calafoirt an méid seo a leanas:

i) Go bhfuil gach trealamh stuáilte;

II) Go rachaidh soitheach go díreach óna shuíomh go dtí a chalafort cinn scríbe; agus

iii) Go leanfaidh an soitheach de bheith ar chúrsa díreach agus ar luas seasta.

Má dhéantar aon ghníomhaíocht iascaireachta agus an soitheach ar a bhealach ar ais chuig calafort, nó mura gcloítear le haon cheann de na ceanglais thuas, caithfear le laethanta uile an taistil fillte mar laethanta iascaireachta.

6) Ba cheart na tuarascálacha uile a tharchur chuig an údarás inniúil tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas: [licensing@mmr.gov.ck](mailto:licensing@mmr.gov.ck).

## FOSCRÍBHINN 2

### Teimpléid le haghaidh Tuarascálacha i bhFormáid Cumarsáide

#### 1. Tuarascáil ar Dhul Isteach (COE)<sup>3</sup>

Inneachar	Tarchur
Ceann scríbe na teachtaireachta	
Cód gnímh	COE
Ainm an tSoithigh	
IRCS	
Suíomh an dul isteach	LT/LG
Dáta agus Am (AUL) an dul	LL/MM/BBBB – UU:NN
Cainníocht (Mt) na n-iasc ar bord	
Tuinnín buí	(Mt)
Tuinnín	(Mt)
Boiníotó	(Mt)
Eile	(Mt)

#### 2. Tuarascáil ar Fhágáil (COX)<sup>4</sup>

Inneachar	Tarchur
Ceann scríbe na teachtaireachta	
Cód gnímh	COX
Ainm an tSoithigh	
IRCS	
Staid imeachta	LT/LG
Dáta agus Am (AUL) na fágála	LL/MM/BBBB – UU:NN
Cainníocht (Mt) na n-iasc ar bord	
Tuinnín buí	(Mt)
Tuinnín	(Mt)
Boiníotó	(Mt)
Eile	(Mt)

#### 3. Formáid le haghaidh Tuairisciú Gabhála (CAT) nuair atáthar i Limistéir Iascaireachta laistigh limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí Oileáin Cook<sup>5</sup>.

Inneachar	Tarchur
Ceann scríbe na teachtaireachta	
Cód gnímh	CAT
Ainm an tSoithigh	
IRCS	
Dáta agus Am (AUL) na tuarascála	LL/MM/BBBB – UU:NN
Cainníocht (Mt) na n-iasc ar bord	
Tuinnín buí	(Mt)
Tuinnín	(Mt)
Boiníotó	(Mt)
Eile	(Mt)
An líon tacar a rinneadh ón	

<sup>3</sup> Le seoladh ceithre uair is fiche (24) roimh theacht isteach in uiscí iascaigh Oileáin Cook.

<sup>4</sup> Le seoladh ceithre uair is fiche (24) roimh uiscí iascaigh Oileáin Cook a fhágáil.

<sup>5</sup> Gach seachtain tar éis dul teacht i limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí iascaigh Oileáin Cook.

Ba cheart na tuarascálacha uile a tharchur chuig an údarás inniúil tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas: [licensing@mmr.gov.ck](mailto:licensing@mmr.gov.ck)